# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

# NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig**
**2021**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

CLÁR ÁBHAR | LEATHANACH


| | |
|---|---|
| EOLAS | 2 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 3 - 4 |
| AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE | 5 - 10 |
| AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH | 11-13 |
| AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA | 14 |
| AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH | 15 |
| AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS | 16 |
| AN RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | 17 |
| NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS | 18 - 28 |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Eolas

---

**Comhaltaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:**

2019-2022
An tUasal Joseph Hayes (Cathaoirleach)
An tUasal Don Mahon (Leas-Chathaoirleach)
An tUasal Áine Lynch
An tUasal Anne Tansey
An tUasal Antoinette Nic Gearailt
An tUasal Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
An tUasal Deirbhile Nic Craith
An tUasal Dharragh Hunt
An tUasal Éamon Clavin
An tUasal Eileen Daly
An tUasal Pat Goff
An tUasal Peter Archer

### Príomhfheidhmeannach:

An tUasal Teresa Griffin (Imithe ar Scor in Eanáir 2022)
An tUasal John Kearney (Ceaptha i Márta 2022)

### An Cheannoifig:

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Contae na Mí

### Cuntasóirí:

Crowe Ireland, 40 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4

### Iniúchóirí:

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí:

Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

**An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2021 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIlanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gComhairle agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eiticiúil i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an Chomhairle faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach.

Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin.

Peter Kinsley

**Peter Kinsley**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**An 20 Nollaig 2022**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Tá na comhaltaí freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIlanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIlanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

  Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an Chomhairle deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

#### Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

**Rialachas**

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách le hordú Aire Oideachais agus Eolaíochta na linne sin i mí na Nollag 2003. Bunaíodh go foirmiúil í faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (Acht EPSEN), le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005.

Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in alt 20 d'Acht EPSEN. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin foireann, riarachán agus gnó na Comhairle a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, mar atá leagtha amach in alt 24 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Au. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil an CNOS. Caithfidh an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treorú straitéiseach a thugtar sa Ráiteas Straitéise (2017-2021) a cheadaigh an Chomhairle, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí go léir den Chomhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos.

**Freagrachtaí na Comhairle**

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu agus sa Treoir Rialachais Chorparáidigh do Chomhaltaí den Chomhairle, rud ina dtugtar breac-chuntas sonrach ar na nithe atá forchoimeádta don Chomhairle. Tá gnó agus dualgais na Comhairle leagtha amach tuilleadh i dTéarmaí Tagartha agus Buan-Orduithe na Comhairle. I measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Chomhairle, tá an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- ceisteanna forchoimeádta
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann leis an CNOS

Ceanglaítear in Alt 29 d'Acht EPSEN ar Chomhairle an CNOS gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an CNOS, ceanglaítear uirthi:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Bord de bheith ag oibriú
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a seasamh airgeadais agus a chuirfidh ar a cumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais Acht EPSEN. Cloíonn an CNOS le nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais le linn di na ráitis airgeadais a ullmhú faoin gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann).

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht an CNOS trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil ar tugadh faoi ag cruinniú na Comhairle an 24 Feabhra 2021. Tá an Chomhairle freagrach, chomh maith, as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. Déanann an Chomhairle measúnú cuí ar phríomhrioscaí an CNOS freisin, lena n-áirítear cur síos a dhéanamh ar na rioscaí sin nuair is cuí agus bearta gaolmhara maolaithe a chur i bhfeidhm.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach agus cóir i ráitis airgeadais an CNOS ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an CNOS an 31 Nollaig 2021.

**Struchtúr na Comhairle**

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus dáréag gnáthchomhaltaí sa Chomhairle, a gceapann an tAire Oideachais agus Scileanna gach duine díobh. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun deiridh an 31 Nollaig 2018. Rachaidh comhaltas den Chomhairle reatha in éag i gcás gach comhalta an 31 Nollaig 2022. Chuaigh comhalta amháin den Chomhairle ar scor in 2020 agus ghlac a ionaí lena dualgais go luath in 2022. Ba mhná seisear comhaltaí agus b'fhir seisear comhaltaí den bhord in 2021.

Tá oibleagáid ar an gComhairle teacht le chéile sé huaire in aghaidh na bliana, ar a laghad. Tháinig an Chomhairle le chéile sé huaire sa bhliain 2021. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí reatha:

| Comhalta na Comhairle | Ról | Tréimhse an Cheapacháin |
|---|---|---|
| | | |
| Joseph Hayes* | Cathaoirleach | An 21 Nollaig 2018-an 31 Nollaig 2022 |
| Don Mahon* | An Leas- | An 21 Nollaig 2018-an 31 Nollaig 2022 |
| Peter Archer | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Éamon Clavin | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Eileen Daly | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Pat Goff | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Darragh Hunt | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Áine Lynch* | Gnáthchomhalta | An 21 Nollaig 2018-an 31 Nollaig 2022 |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Deirbhile Nic Craith | Gnáthchomhalta | An 19 Feabhra 2019-an 31 Nollaig 2022 |
| Antoinette Nic Gearailt* | Gnáthchomhalta | An 21 Nollaig 2018-an 31 Nollaig 2022 |
| Anne Tansey* | Gnáthchomhalta | An 21 Nollaig 2018-an 31 Nollaig 2022 |

Tá na comhaltaí sin a bhfuil réiltín (*) in aice lena n-ainm ag cur an dara téarma as a chéile isteach ar an gComhairle

Bhunaigh an Chomhairle cúig Choiste faoi alt 33 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Tuairiscíonn na Coistí don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus de réir treoirlínte rialachais a chinnfidh an Chomhairle. Fónann comhaltaí den Chomhairle ar Choiste amháin nó níos mó. I gcás an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, cheap an Chomhairle Cathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil taithí ábhartha.

Is iad seo a leanas na Coistí atá ar bun:

### 1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsítear sa Choiste triúr comhaltaí den Chomhairle agus Cathaoirleach neamhspleách san áireamh. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an CNOS maidir leis na freagrachtaí atá air as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá dearbhuithe maidir le riachtanais dearbhaithe na Comhairle a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a shláine atá na dearbhuithe sin.

Is neamhspleách atá an Coiste le linn dó a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí a chomhlíonadh agus le linn dó a chlár oibre a chinneadh agus faireachán a dhéanamh air. Níl sé faoi réir ordú ná rialú ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh cur as dó le linn dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana agus scaiptear miontuairiscí na gcruinnithe ar gach comhalta den Chomhairle. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Chomhairle tar éis gach cruinnithe Coiste.

Is iad na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Lisa Campbell (Cathaoirleach), Peter Archer, Don Mahon agus Antoinette Nic Gearailt. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021.

### 2. Coiste Feidhmíochta an POF

Cuimsíonn Coiste Feidhmíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin triúr comhaltaí den Chomhairle, lena n-áirítear Cathaoirleach na Comhairle. Is é ról an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndáil le Plean Gnó na heagraíochta. Bíonn dhá chruinniú ar a laghad ann gach bliain. Is iad seo na comhaltaí de Choiste Feidhmíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin: Joe Hayes (Cathaoirleach), Peter Archer agus Antoinette Nic Gearailt. Thionóil Coiste Feidhmíochta an POF trí chruinniú in 2021.

### 3. An Coiste Airgeadais

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Is é ról an Choiste Airgeadais an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoina staid airgeadais agus comhairle a thabhairt di ina leith. Tá ról comhairleach ag an gCoiste agus tá uirthi tuairisciú agus moltaí a dhéanamh chun tacú le cinnteoireacht airgeadais na Comhairle. Is iad comhaltaí an Choiste Airgeadais: Antoinette Nic Gearailt (Cathaoirleach), Eileen Daly, Deirbhile Nic Craith agus Pat Goff. Thionóil an Coiste Airgeadais sé chruinniú in 2021.

### 4. An Coiste Taighde

Cuimsíonn an Coiste Taighde ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Tugann an Coiste Taighde comhairle don Chomhairle maidir leis an mbeartas agus an clár taighde agus déanann sé rannchuidiú saineolach cuí maidir le forbairt straitéiseach bheartas taighde na Comhairle, lena n-áirítear a clár ilbhliantúil taighde. Is iad comhaltaí an Choiste Taighde: Peter Archer (Cathaoirleach), Darragh Hunt, Áine Lynch agus Anne Tansey. Thionóil an Coiste Taighde cúig chruinniú in 2021.

### 5. An Coiste Straitéise agus Beartais

Cuimsíonn an Coiste Straitéise agus Beartais ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Is é an ról atá aige rannchuidiú cuí a dhéanamh le linn comhairle beartais a fhorbairt agus le linn ghníomhaíochtaí straitéiseacha leanúnacha na Comhairle. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Straitéise agus Beartais: Don Mahon (Cathaoirleach), Éamon Clavin agus Clodagh Ni Mhaoilchiaráin. Tá folúntas amháin sa choiste seo faoi láthair. Thionóil an Coiste Straitéise agus Beartais sé chruinniú in 2021.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe na Comhairle agus Coiste don bhliain 2021, na táillí agus na costais a íocadh le gach comhalta dá ndualgais de chuid na Comhairle ina measc:

| | An Chomhairle | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Coiste Feidhmíochta an POF | Coiste Airgeadas | Coiste Taighde | Coiste Straitéise agus Beartais | Táillí 2021 € | Costais 2021 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| .íon cruinnithe | | | | | | | | |
| oseph Hayes | 5 | | 3 | | | | | |
| )on Mahon | 6 | 4 | | | | 6 | | |
| 'eter Archer | 6 | 3 | 3 | | 5 | | | |
| :amon Clavin | 6 | | | | | 6 | | |
| :ileen Daly | 5 | | | 5 | | | | |
| 'at Goff | 6 | | | 6 | | | | |
| )arragh Hunt | 6 | | | | 5 | | | |
| ‹ine Lynch | 5 | | | | 4 | | | |
| :lodagh Ní Mhaoilchiaráin | 4 | | | | | 3 | | |
| )eirbhile Nic Craith | 6 | | | 6 | | | | 34 |
| ‹ntoinette Nic Gearailt | 6 | 2 | 3 | 6 | | | | |
| ‹nne Tansey | 6 | | | | 4 | | | |
| .isa Campbell[2] | N/B | 4 | | | | | | |
| **omlán** | **6** | **4** | **3** | **6** | **5** | **6** | **-** | **34** |

Ní íoctar táillí le comhaltaí den Chomhairle i leith an róil atá acu mar chomhaltaí de Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

### Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Níor tháinig aon athruithe ar an bpríomhphearsanra i rith 2021. Rinneadh ceapachán amháin nua ag deireadh 2021 agus beidh siad ag glacadh lena bpost ag tús 2022.

### Nochtadh a Cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an CNOS riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

[2] Ní comhalta den Chomhairle Lisa Campbell. Ceapadh í chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca mar Chathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil taithí ábhartha.

***Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe***

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Réimse na sochar iomlán fostaithe** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Chuig** | **2021** | **2020** |
| €60,000 - | €69,999 | 66 | 54 |
| €70,000 - | €79,999 | 11 | 6 |
| €80,000 - | €89,999 | 5 | 2 |
| €90,000 - | €99,999 | 2 | 1 |
| €100,000 - | €124,999 | 3 | 2 |
| €125,000 - | €150,000 | - | - |
| €150,000 + | | 1 | - |

Is Ard-Rúnaí Cúnta státseirbhíse é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF). Ba é €154,597 luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais (2020: €151,923).

Ba é €539,169 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2021 (2020: €629,050). I measc an phríomhphearsanra bainistíochta tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ceathrar Príomhoifigeach a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

***Costais Sainchomhairleoireachta***

Áirítear le Costais Sainchomhairleoireachta an costas a bhí ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Sainchomhairleoireacht TF | 9,274 | 4,477 |
| Feabhsú Próiseas Gnó | 70,467 | - |
| Comhairle Cumarsáide | 14,117 | 15,792 |
| Comhairleacht maidir leis an Tionscadal Teiripe | - | 27,903 |
| **Costais Sainchomhairleoireachta Iomlána** | **93,858** | **48,172** |

***Costais agus Socraíochtaí Dlí***

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le himeachtaí dlíthiúla. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí eile a fuair an CNOS, a nochtar in Costais Sainchomhairleoireachta thuas. Is é an CNOS an freagróir ainmnithe i líon beag cásanna dlí leanúnacha a bhféadfadh costais bhreise atá á dtaibhiú ag an CNOS, ach níorbh fhéidir na costais seo a mheas go cruinn.

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Costais Dlí** | 181,920 | 102,822 |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

***Caiteachas Taistil agus Cothabhála***

Déantar an chatagóiriú seo a leanas ar chaiteachas taistil agus cothabhála:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Intíre:** | | |
| Comhairle[3] | 34 | 1,826 |
| Fostaithe | 411,770 | 691,033 |
| **Idirnáisiúnta:** | | |
| An Chomhairle | Náid | Náid |
| Fostaithe | 1,369 | 1,949 |
| **Iomlán** | 413,173 | 694,808 |

Tá costais taistil agus chothaithe do rannpháirtithe i dtionscnaimh forbartha gairmiúla taifeadta ar leithligh i Nóta 4 - Caiteachas.

***Caiteachas ar Fháilteachas:***

Seo a leanas an caiteachas fáilteachais:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas | - | - |

**Ráiteas Comhlíonta**

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an CNOS riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2021.

**Síniú:**

| | |
|---|---|
| **Joseph Hayes** | **John Kearney** |
| **Cathaoirleach** | **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dáta: An 15 Nollaig 2022** | **Dáta: An 15 Nollaig 2022** |

3 Ní bhaineann caiteachas na Comhairle ach le speansais a bhaineann le gnó na Comhairle.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

---

**Scóip na Freagrachta**
Thar ceann na Comhairle, aithním an fhreagracht atá ar an gComhairle as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa CNOS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais, seachas i gcás earra amháin a dtugtar cuntas air san alt thíos maidir le saincheisteanna rialaithe inmheánaigh.

**Cumas chun Riosca a Láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) an CNOS ina bhfuil triúr comhaltaí den Chomhairle agus comhalta seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais, arb é Cathaoirleach an Choiste. Chas an CIR ar a chéile ceithre huaire in 2021.

Bhunaigh Comhairle an CNOS feidhm iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR agus a fhaomhann Comhairle an CNOS.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca a d'fhaomh Comhairle an CNOS agus ina leagtar amach inghlacthacht riosca an CNOS, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an CNOS, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

**Creat Riosca agus Rialaithe**
Chuir an CNOS córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an CNOS agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh na nósanna imeachta a ghabhann leis na próisis ghnó go léir a dhoiciméadú, sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach;
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach;

- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Chomhairle, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

**Bainistíocht agus Tuairisciú Airgeadais**
Ceanglaítear sa Chód Cleachtais ar an CIR athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchuntais sula moltar go nglacann an Chomhairle leo sula seoltar ar aghaidh iad lena n-iniúchadh. Rinne an CIR athbhreithniú ar na dréachtchuntais an 22 Feabhra 2020 agus mhol sé go nglacfadh an Chomhairle leo. Ghlac an Chomhairle leis na dréachtchuntais ag an gcruinniú dá cuid an 23 Feabhra 2022.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CNOS le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Tugtar ceisteanna a thagann chun solais maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna um rialú inmheánach thíos.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an CNOS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CNOS ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann monatóireacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den CNOS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais, a chuir san áireamh gur thosaigh foireann an CNOS ag oibriú as baile go luath in 2020 chun seirbhísí a sholáthar chun treoirlínte an Rialtais a chomhlíonadh maidir le Covid, féach Nóta 15 chun teacht ar bhreis sonraí.

Is féidir liom a dheimhniú go ndearna an Chomhairle a hathbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha ag an gcruinniú dá cuid an 23 Feabhra 2022.

Tá an Chomhairle sásta go leanann na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh den CNOS ag oibriú go sásúil agus go héifeachtach.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
I rith 2021, tabhaíodh caiteachas ar €140,942.49 maidir le 5 sholáthraí i dtaca le hearraí agus seirbhísí nár chomhlíon na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme na treoirlínte soláthair.

- Lorgaíodh trí luachan i gcás amháin ina raibh caiteachas €14,326.78 i gceist, ach tabhaíodh caiteachas sular síníodh an conradh, áfach;
- Scoireadh den chonradh cheana féin in dhá chás ina raibh caiteachas €43,313.11 i gceist;
- Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróisis soláthair sa dá chás eile a bhaineann le caiteachas iomlán €83,302.60, agus tá próisis soláthair nua á dtosú.

D'éirigh leis an tuairisciú ráithiúil soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair le neamhchomhlíonadh san eagraíocht a shainaithint. Anuas air sin, tugadh roinnt nuashonruithe isteach ar mhonatóireacht ar sholáthar in 2022 go dtí seo, agus tá oiliúint inmheánach ar na bacáin don fhoireann go léir a bhfuil róil acu a bhaineann le soláthar. Tá feabhas suntasach tagtha ar chleachtais soláthair i rith 2021, agus díríodh ar chonarthaí nua lenár bpróisis soláthair chuí ar fud na heagraíochta.

**Síniú:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**
**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**Dáta:** An 15 Nollaig 2022

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas

## An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas stáit | 2 | 14,783,750 | 14,333,018 |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | 11 | 184,875 | (46,139) |
| Ioncam eile | 3 | - | 30 |
| Ioncam iomlán | | 14,968,625 | 14,286,909 |
| **Caiteachas** | 4 | (15,038,648) | (14,007,257) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | | (70,023) | 279,652 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta ag tús na bliana | | 22,078 | (257,574) |
| **Cúlchistí ioncaim coimeádta ag deireadh na bliana** | | **(47,945)** | **22,078** |

Baineann na hearraí uile ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha

Tá Nótaí 1-18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: An 15 Nollaig 2022**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: An 15 Nollaig 2022**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | | (70,023) | 279,652 |
| Caillteanais achtúireach ar dhliteanais phinsin | 7 | (249,000) | (167,000) |
| Coigeartú ar an tsócmhainn chistithe pinsin iarchurtha | 7 | 249,000 | 167,000 |
| (Easnamh)/barrachas iomlán cuimsitheach don bhliain | | (70,023) | 279,652 |

Baineann na hearraí uile ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha

Tá Nótaí 1-18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

| | |
|---|---|
| **Joseph Hayes**<br>**Cathaoirleach** | **John Kearney**<br>**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dáta: An 15 Nollaig 2022** | **Dáta: An 15 Nollaig 2022** |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 8 | 494,896 | 677,027 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | 9 | 331,103 | 306,170 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 515,789 | 430,696 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA** | | 846,892 | 736,866 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 10 | (894,837) | (712,044) |
| **(GLANDLITEANAIS)/GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | (47,945) | 24,822 |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 446,951 | 701,849 |
| **DLITEANAIS NEAMHREATHA** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 7 | (1,106,000) | (407,000) |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir | 7 | 1,106,000 | 407,000 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 446,951 | 701,849 |
| **CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ** | | | |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta | | (47,945) | 22,078 |
| An Cuntas Caipitil | 11 | 494,896 | 679,771 |
| | | 446,951 | 701,849 |

Tá Nótaí 1-18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

| | |
|---|---|
| **Joseph Hayes**<br>**Cathaoirleach** | **John Kearney**<br>**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dáta:** An 15 Nollaig 2022 | **Dáta:** An 15 Nollaig 2022 |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh)/barrachas oibriúcháin a réiteach i leith glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/barrachas oibriúcháin don bhliain | | (70,023) | 279,652 |
| Dímheas | 8 | 215,837 | 186,531 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 8 | 32,519 | 2,744 |
| Aistriú chuig an gcuntas caipitil | 11 | (184,875) | 46,139 |
| (Méadú) ar infháltais | 9 | (24,933) | (146,346) |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 10 | 182,793 | (164,539) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 151,318 | 204,181 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | 8 | (66,225) | (232,670) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | 85,093 | (28,489) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir | | 430,696 | 459,185 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig | | 515,789 | 430,696 |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | 85,093 | (28,489) |

Tá Nótaí 1-18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: An 15 Nollaig 2022**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: An 15 Nollaig 2022**

Tá na nótaí seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais agus ba cheart iad a léamh i gcomhar leis na ráitis airgeadais a ghabhann leo.

## 1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

Leagtar amach na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Mura sonraítear a mhalairt, cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na mblianta uile atá curtha i láthair.

### 1.1 Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS102").
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin i gcás ioncaim mar atá mionsonraithe i Nóta 1.5 thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2 Airgeadra tuairiscithe

Cuirtear ráitis airgeadais na Comhairle i láthair in Euro ("€"), arb é airgeadra feidhmiúil na Comhairle é freisin. Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar na rátaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Caitear leis na difríochtaí malairte a thagann as sin le linn ioncam agus caiteachas a ríomh don bhliain airgeadais.

### 1.3 Gnóthas Leantach

Is trína gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iarmhéideanna airgid a fhreastalaíonn an CNOS ar a cuid riachtanais laethúla chaipiteal oibre. Tá ionchas réasúnach ag an gComhairle go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an CNOS chun leanúint de bheith ag oibriú don todhchaí intuartha. Dá bhrí sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais aonáin seo ar bhonn gnóthas leantach.

### 1.4 Tréimhse chuntasaíochta

Cumhdaítear sna Ráitis Airgeadais an bhliain idir an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

### 1.5 Ioncam

Tuairiscítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim. Is ionann ioncam agus an tsuim a íoctar go díreach leis an CNOS:

- ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain ar mhodh deontais de réir alt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004;

### 1.6 Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais charntha bhearnaithe. Áirítear le costas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus go mbainfidh sí an bhail amach a theastaíonn go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach a bheartaíonn an bhainistíocht.

1. **ACHOIMRE AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA** ***(ar leanúint)***

### 1.6 Maoin, gléasra agus trealamh (ar leanúint)

Gearrtar dímheas de réir méid cothrom ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh lúide a luach iarmharach thar a saolré úsáideach mheasta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán agus feistis | 10 mbliana |
| Trealamh oifige | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaire | 5 bliana |
| Léasacht a athchóiriú | 20 bliain |
| Bogearraí ríomhaire/láithreán gréasáin | 3 bliana |

Déantar luachanna anonn réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a thugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeifí in ann an luach anonn a aisghabháil. Déantar saolréanna úsáideacha measta, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú, agus a choigeartú de réir mar is cuí, ag deireadh gach bliana airgeadais.

Deimhnítear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí comparáid a dhéanamh idir na fáltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Tá beartas na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le sócmhainní seasta a sholáthar agus a dhiúscairt leagtha amach ina Lámhleabhar maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais, rud atá ar aon dul le ciorcláin ón Roinn Airgeadais/an RCPA, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Is é beartas sócmhainní seasta an CNOS sócmhainní a chaipitliú a bhfuil saolré breis agus bliain amháin acu agus ar a bhfuil luach níos mó ná €10,000 ón 1 Eanáir 2021 ar aon dul le Ciorclán 21/2020 an RCPA.

### 1.7 An Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### 1.8 Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle raon sochar d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íoctha.

*Sochair ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire, mar chostas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

*Costas sochair scoir*
Foráiltear le halt 25(5) den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu gur státseirbhísigh iad na baill foirne de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Níl aon mhuirear ann sna ráitis airgeadais i leith aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na mball foirne sin. Tiocfaidh teidlíochtaí sochair bhall foirne as a gcuid seirbhíse leis an gComhairle agus as a gcuid seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is

cuí. Ní chistítear an Chomhairle maidir leis na teidlíochtaí sochair sin. Mar thoradh ar na riachtanais in FRS 102 i dtaca le sochar sainithe, ní mheastar go mbainfidh pleananna agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh eile riachtanach.

1. **ACHOIMRE AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA** ***(ar leanúint)***

**1.8 Sochair fostaithe** ***(ar leanúint)***

*Costas sochair scoir (ar leanúint)*
Beidh baill foirne nua, a d'fhostaigh an Chomhairle tar éis an 1 Eanáir 2013, ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail maidir le baill foirne atá páirteach sa scéim. Féach Nóta 7 chun teacht ar bhreis sonraí.

**1.9 Breithiúnais agus meastacháin a úsáid**

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, rinne an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanann difear do chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta an aonáin agus do shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír bheith éagsúil ó na meastacháin seo. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin go hionchasach.

2. **IONCAM**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Chuir an Roinn Oideachais na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don Chomhairle | 14,522,250 | 12,981,988 |
| Tionscadal Teiripe Ionscoile | 261,500 | 1,167,300 |
| Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don Chomhairle: | | |
| Cistiú an Tionscadail Teiripe Ionscoile (an RLGÓ) | - | 183,730 |
| | 14,783,750 | 14,333,018 |

3. **IONCAM EILE**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Saoráil Faisnéise | - | 30 |
| Ioncam eile iomlán | - | 30 |

**4. CAITEACHAS**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht, postas agus páipéarachas | 163,041 | 192,996 |
| Cíos agus rátaí | 915,836 | 657,581 |
| Guthán | 299,387 | 314,169 |
| Solas agus téamh | 77,642 | 46,954 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 211,144 | 83,499 |
| Oiliúint agus forbairt[11] | 1,113,534 | 469,627 |
| Rannpháirtithe oiliúna (FGL)[4] | 289,883 | 482,048 |
| Costais taistil agus chothaithe[5] | 413,173 | 694,808 |
| Rannpháirtithe taistil agus cothaithe[6] | 3,431 | 124,895 |
| Costais chruinnithe[7] | 6,357 | 22,963 |
| Costais ghinearálta | 29,946 | 32,826 |
| Táillí earcaíochta | 2,509 | 973 |
| Caiteachas ar thaighde | 77,019 | 118,282 |
| Costais TF | 679,781 | 328,194 |
| Táillí comhairleoireachta[8] | 93,858 | 48,172 |
| Seirbhísí seachfhoinsithe[9] | 25,440 | 5,842 |
| Seirbhísí gairmiúla agus idirghabháil[10] | 510,076 | 549,807 |
| Táille iniúchta inmheánaigh | 16,488 | 31,482 |
| Táille iniúchta sheachtraigh | 24,200 | 22,000 |
| Táillí cuntasaíochta | 26,334 | 40,043 |
| Creidmheas athstruchtúraithe | - | (3,497) |
| Táillí dlí | 181,920 | 102,822 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 32,519 | 2,744 |
| Conradh an Tionscadail Teiripe Ionscoile | 34,413 | 864,713 |
| Pá agus tuarastail (Nóta 5) | 8,776,982 | 7,865,126 |
| ÁSPC Fostóra | 817,898 | 721,656 |
| Dímheas (Nóta 8) | 215,837 | 186,532 |
| Caiteachas Iomlán | 15,038,648 | 14,007,257 |

[4] Léiríonn sé seo na costais oiliúna a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do rannpháirtithe, lena n-áirítear costais ionaid tionóil, costais léachtóra agus táillí cúrsa.
[5] Tháinig laghdú ar chostais taistil agus chothaithe sa bhliain 2021 mar gheall go raibh an fhoireann ag oibriú as baile i rith phaindéim Covid-19. B'ionann na costais taistil agus chothaithe eachtraigh sa bhliain agus €1,369 (2020: €1,949). Ba le taisteal intíre a bhain gach costas taistil agus cothaithe eile.
[6] Léiríonn sé seo na costais taistil agus chothaithe a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí.
[7] Níor thabhaigh an CNOS aon chaiteachas siamsaíochta sa bhliain (2020: nialas).
[8] Tabhaíodh táillí comhairleachta i leith TF, feabhsú próiseas gnó agus seirbhísí cumarsáide.
[9] Léiríonn sé seo na costais riaracháin a bhaineann le seirbhísí agus tuarastail a sholáthar trí na hIonaid Oideachais.

[10] Léiríonn sé seo na costais a tabhaíodh le linn seirbhísí cosúil leo seo a leanas a sholáthar: teiripe saothair; teiripe urlabhra agus teanga; idirghabhálacha litearthachta agus uimhearthachta; idirghabhálacha feabhsaithe iompraíochta; agus measúnuithe gairmiúla.
[11] Áirítear le hoiliúint agus forbairt €1,008,700 maidir le hoiliúint CRS a dhearadh agus a fhorbairt mar chuid den tSamhail Ionchuimsithe Scoile.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 5. PÁ AGUS TUARASTAIL

Tá beartas an Rialtais maidir le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus maidir le pá gach fostaí de chuid comhlacht stáit á chur chun feidhme faoi láthair. B'ionann an líon baill foirne a bhí fostaithe ag an CNOS ag deireadh na bliana 2021 agus 142 (2020: 138), ina bhfuil 101 ball foirne Seirbhísí Áitiúla (2019: 97) agus 41 ball foirne sa Cheannoifig (2019: 41).

B'ionann caiteachas ar thuarastail don fhoireann Seirbhísí Áitiúla agus €6,109,072 (2020: €5,834,437), Foireann an Tionscadail Teiripe Ionscoile €630,191 (2020: €90,825) agus tuarastail foirne na Ceannoifige €2,037,719 (2020: €1,939,864) agus is ionann sin agus €8,776,982 (2020: €7,865,126), ar an iomlán. Áirítear leis na hiomláin seo nialas (2020: €1,039) a íocadh mar ragobair agus €41,513 (2020: €33,806) a íocadh mar liúntais ard-dleachta.

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais dar luach €334,562 as tuarastail foirne i rith na bliana (2020: €299,504). D'aisíoc an CNOS €334,562 leis an Roinn Oideachais i rith na bliana (2020: €299,504).

Rinneadh asbhaintí €402,565 a bhaineann le pinsean as tuarastail foirne i rith na bliana (2020: €335,155).
D'aisíoc an CNOS €402,426 leis an Roinn Oideachais i rith na bliana (2020: €335,120).

Ní ghearrtar ar chuntais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an costas a bhaineann le seirbhísí a bhfuil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach astu a bheith á soláthar ag baill foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ag boird bhainistíochta.

## 6. COSTAIS, TÁILLÍ NA GCOMHALTAÍ DEN CHOMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Ní íoctar táillí le comhaltaí den Chomhairle i leith an róil atá acu mar chomhaltaí de Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá na comhaltaí den Chomhairle i dteideal costais taistil agus chothaithe a éileamh. B'ionann na costais seo in 2021 agus €34 (2020: €1,826).

Is Ard-Rúnaí Cúnta státseirbhíse é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF). Ba é €154,597 luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais in 2021 (2020: €151,923). Tá an POF mar chomhalta den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe agus ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin teidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach freisin Nóta 1.8. Sochair Fostaithe.

Ba é €539,169 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2021 (2020: €629,050). I measc an phríomhphearsanra bainistíochta tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ceathrar Príomhoifigeach a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

7. **COSTAIS SOCHAIR SCOIR**

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais sochair shainithe maidir le baill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Maoinítear sochair ar bhonn "íoc mar a thuillir". Ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais phinsin fhabhraithe bhaill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ní ghearrtar aon ní ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Feidhmíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (an "Plean") freisin, rud a bhfuil feidhm aige maidir le 53 ball foirne (2020: 36) a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim pinsin sochair shainithe í agus thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cuntas uirthi le linn di a hoibleagáidí sochair shainithe scoir a mheas de réir FRS 102. Is le cuntas sochair scoir de chuid an Stáit a íoctar gach ranníocaíocht sochair scoir a dhéanann fostaithe isteach sa scéim. Feidhmítear an scéim ar bhonn 'íoc mar a thuillir', ina bhfuil ranníocaíochtaí iníoctha ó chroíchistiú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Déantar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoin scéim seo a ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina dtuilltear iad.

Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách agus riachtanais an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2021.

Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.28% | 0.85% |
| Boilsciú Praghais | 2.30% | 1.50% |
| Méaduithe Tuarastail | 3.30% | 2.50% |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit | 2.30% | 1.50% |
| Méaduithe Pinsin Shílte | 2.30% | 1.50% |

**Ionchas saoil**

Cuireann an bonn mortlaíochta feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama san áireamh go soiléir, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar scor ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 68 bliain d'aois in 2021 agus 2020.

**An bhliain a bhaintear aois 68 amach**

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir (i mblianta) | 19.1 | 19.2 |
| Ionchas saoil – mná (i mblianta) | 21.3 | 21.5 |

7. **COSTAIS SOCHAIR SCOIR** ***(ar leanúint)***

**(a) Anailís ar an tsuim a gearradh ar bhrabús oibriúcháin**

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Costais na seirbhíse reatha | 447,000 | 152,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime le sochar sainithe | 3,000 | 1,000 |
| Costais sochair foirceanta | - | - |
| | 450,000 | 153,000 |
| Cistiú atá Inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 450,000 | 153,000 |

**(b) Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir**

Aithníonn an CNOS an tsuim seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú an Phlean agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag an CNOS nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Sa chás go mbunaítear sócmhainn amach anseo d'oibleagáidí an SPSS, cisteofar íocaíocht na n-oibleagáidí seo go lárnach.

**(c) Gluaiseacht ar oibleagáidí le sochar sainithe**

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 1 Eanáir | (407,000) | (87,000) |
| Costas iomlán seirbhís fostaithe | (447,000) | (152,000) |
| Glanús ar ghlandliteanas sainithe | (3,000) | (1,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | | |
| Caillteanas achtúireach i rith na bliana | (249,000) | (167,000) |
| Glanoibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig | (1,106,000) | (407,000) |

**(d) Caillteanas achtúireach**

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Caillteanas ó thaithí sa bhliain | | |
| Caillteanas achtúireach i rith na bliana | (249,000) | (167,000) |
| Caillteanas achtúireach iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | (249,000) | (167,000) |

8. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Athchóiriú léasachta | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Trealamh ríomhaire | Ríomhaire bogearraí/ láithreán Gréasáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € | € | € | € |
| An 1 Eanáir 2021 | 610,351 | 154,248 | 691,431 | 1,061,122 | 446,126 | 2,963,278 |
| Breisiúcháin | - | - | - | 66,225 | - | 66,225 |
| Diúscairtí | - | - | - | (122,023) | - | (122,023) |
| An 31 Nollaig 2021 | 610,351 | 154,248 | 691,431 | 1,005,324 | 446,126 | 2,907,480 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| An 1 Eanáir 2021 | 513,981 | 121,070 | 569,069 | 636,005 | 446,126 | 2,286,251 |
| Muirear don bhliain | 32,124 | 18,495 | 15,943 | 149,275 | - | 215,837 |
| Diúscairtí | - | - | - | (89,504) | - | (89,504) |
| An 31 Nollaig 2021 | 546,105 | 139,565 | 585,012 | 695,776 | 446,126 | 2,412,584 |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| An 31 Nollaig 2020 | 96,370 | 33,178 | 122,362 | 425,117 | - | 677,027 |
| An 31 Nollaig 2021 | 64,246 | 14,683 | 106,419 | 309,548 | - | 494,896 |

## 9. INFHÁLTAIS

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 253,418 | 256,522 |
| Infháltais | 77,685 | 49,648 |
| | 331,103 | 306,170 |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin.

## 10. DLITEANAIS REATHA

| **Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna iníoctha le soláthraithe | 37,915 | 28,102 |
| Ioncam iarchurtha | - | 54,905 |
| CBL | 20,035 | 12,425 |
| Asbhaintí párolla | 25,484 | 11,439 |
| Soláthar do phá saoire | 434,723 | 378,109 |
| Fabhruithe | 357,684 | 222,855 |
| Suimeanna iníoctha eile | 18,996 | 4,209 |
| | 894,837 | 712,044 |

## 11. AN CUNTAS CAIPITIL

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 679,771 | 633,632 |
| Ioncam a úsáideadh le sócmhainní a éadáil | 66,225 | 232,670 |
| Scaoilte ar dhiúscairt sócmhainne | (35,263) | - |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (215,837) | (186,531) |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | (184,875) | 46,139 |
| Iarmhéid Deiridh | 494,896 | 679,771 |

## 12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta líonra ina bhfuil 35 oifig atá lonnaithe ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceanncheathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Tá formhór na n-oifigí á nglacadh ar cíos ó aonáin a chistíonn an Rialtas. Oibrítear ocht n-oifig trí chomhaontuithe léasa* idir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus comhlachtaí tráchtála.

### 12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN (*ar leanúint*)

Tá comhaontuithe ligin i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le 6 chomhlacht tráchtála:

- Léas 1 ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Nollaig 2019, ar chíos bliantúil €11,365
- Léas 2 i mBaile Átha Troim ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Samhain 2018, ar chíos bliantúil €28,782
    - Tháinig Léas 9 in ionad an léasa seo
- Léas 3 i mBaile Átha Cliath ar feadh tréimhse 1 bhliain dar tús an 26 Lúnasa 2020, ar chíos bliantúil €162,592
    - Tháinig Léas 5 in ionad an léasa seo
- Léas 4 i gCeatharlach ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Eanáir 2020, ar chíos bliantúil €7,491
- Léas 5 i mBaile Átha Cliath ar feadh tréimhse 1 bhliain dar tús an 26 Lúnasa 2021, ar chíos bliantúil €162,592
- Léas 6 i dTulach Mhór ar feadh tréimhse 2 bhliain dar tús an 1 Eanáir 2021, ar chíos bliantúil €12,300
- Léas 7 i Mainistir Fhear Maí ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Bealtaine 2020, ar chíos bliantúil €10,000
- Léas 8 i dTrá Lí ar feadh tréimhse 1 bliana dar tús an 1 Eanáir 2021, ar chíos bliantúil €19,321.50
- Léas 9 i mBaile Átha Troim ar feadh tréimhse 2 bhliain dar tús an 1 Samhain 2021, ar chíos bliantúil €28,782

B'ionann an cíos agus an táille sheirbhíse bhliantúil a gearradh ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais i leith comhaontuithe léasa agus €250,613 (2020: €214,711), rud lenar áiríodh caiteachas breise cíosa nár cumhdaíodh faoi chomhaontú.

Amhail deireadh na bliana, beidh íocaíochtaí íosta léasa le déanamh ag an gComhairle mar a leanas faoi léasanna oibriúcháin:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Laistigh de 1 bhliain | 175,638 | 181,214 |
| Idir bliain 2 agus 5 | 47,318 | 51,758 |
| A éagfaidh tar éis na mblianta sin | - | - |
| | 222,956 | 232,972 |

### 13. ÁITREABH

Áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí, faoi chomhaontú cíosa atá i bhfeidhm aici le hOifig na nOibreacha Poiblí. Tosaíodh an comhaontú sin sa bhliain 2004 agus mairfidh sé téarma 20 bliain, agus muirear cíosa bliantúil €87,646 i gceist leis. Tá socruithe cíosa i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le hOifig na nOibreacha Poiblí i leith 19 réadmhaoin eile freisin. Níl aon chomhaontú i scríbhinn i bhfeidhm idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i leith na réadmhaoine sin faoi láthair agus chuir an Oifig in iúl go bhfuil an scéal sin á fhiosrú aici mar chuid den sainchúram foriomlán atá uirthi cóiríocht oifige a ligean ar cíos le comhlachtaí/gníomhaireachtaí Rialtais.

Áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitribh i 7 nIonad Oideachais. Bhí comhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm do gach Ionad in 2021. Ina theannta sin, áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitreabh i mbunscoil amháin nach raibh comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm ina leith sa bhliain 2021.

Tá 8 gcomhaontú ligin i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le 6 chomhlacht tráchtála. Glacann sí áitreabh ar cíos ó chomhlacht tráchtála eile nach bhfuil aon chomhaontú ligin i bhfeidhm ina leith freisin.

Is é €915,836 an muirear cíosa bliantúil iomlán a chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais don bhliain 2021 (2020: €657,581).

## 14. STAID CHISTIÚCHÁIN

Is ó dheontas ón Roinn Oideachais a thagann an chuid is mó d'ioncam an CNOS. Cuirtear na deontais sin ar fáil chun íoc as dliteanais a thiocfaidh in aibíocht le linn na bliana, seachas chun íoc as caiteachas a tabhaíodh le linn na bliana. Íoctar as aon easnamh le cistiú a sholáthróidh an Roinn Oideachais don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta amach anseo. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle go bhfuil sé cuí leanúint le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh le linn ráitis airgeadais a ullmhú.

Ceanglaítear ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta fabhrú as costas na dteidlíochtaí neamhúsáidte saoire bliantúla ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 10). Fabhraíodh €434,723 ag deireadh na bliana an 31 Nollaig 2021 (2020: €378,109). Tá an tsaoire bhliantúil ar fad a charntar ag deireadh na bliana faoi réir rialacha Chiorclán 27/03 agus Chiorclán 06/2011. Ceadaítear leis na Ciorcláin sin roinnt saoire bhliantúil a thabhairt anonn faoi réir teorainneacha agus saoire bhliantúil iomarcach atá fabhraithe ag baill foirne a fhorghéilleadh.

## 15. FREAGAIRT AN CNOS DO DHÉILEÁIL LE COVID-19 AGUS CIANOIBRIÚ

I ndáil le paindéim dhomhanda Covid-19 a tháinig chun cinn go luath sa bhliain 2020, d'fhreagair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don ghéarchéim ar aon dul leis an treoir ón rialtas. Tá baill foirne ag obair amach ón mbaile, le tacaíocht ó chórais TF, agus uirlisí éagsúla in úsáid acu chun gur féidir leo leanúint lena gcuid oibre. Chuaigh an eagraíocht i mbun gnímh chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil ar líne do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Leanaimid le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann ár dtairiscint ar líne a fheabhsú. Leanaimid le cruinnithe rialta na Comhairle a thionól, agus iad ar siúl ar líne anois. Tháinig an lucht bainistíochta le chéile go minic chun plé a dhéanamh ar an bhfreagairt do na dúshláin dhosheachanta a tháinig chun cinn. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht ar na rioscaí a bhaineann le Covid agus rinneadh iad a thuairisciú leis an gComhairle. Bhí riosca nua sonrach ann a bhaineann le Covid-19, ar a ndearnadh monatóireacht agus tuairisciú i gcaitheamh na bliana. Anuas air sin, déanann an CIR athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm mar chuid d'iniúchadh inmheánach agus seachtrach an RRI agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm, ar measadh gur leor iad leis na rioscaí breise a bhainistiú. Leanamar le híocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe gan aon chur isteach agus gan aon laghdú ar rialuithe. Mar gheall go raibh scoileanna dúnta, áfach, i gcodanna in 2021, agus go raibh na srianta ginearálta i bhfeidhm, tháinig moilliú ar chaiteachas agus rinne an eagraíocht teagmháil rialta leis an Roinn Oideachais ina thaobh seo.

## 16. COMHALTAÍ DEN CHOMHAIRLE – NOCHTADH LEASANNA

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ón Roinn Airgeadais i ndáil le leasanna na gComhaltaí den Chomhairle a nochtadh.

## 17. COMPARÁIDÍ LEIS AN MBLIAIN ROIMHE

Nuair b'infheidhme, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a athghrúpáil/a athrangú sa bhliain reatha chun críocha inchomparáideachta agus comhsheasmhachta agus chun feabhas a chur ar chur i láthair na ráiteas airgeadais

## 18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais ag a cruinniú an 23 Feabhra 2022 de bhun molta ón CIR ag a chruinniú an 17 Feabhra 2022.